# Beartas maidir leis na hEalaíona **Digiteacha**

2023—2025

**Íomhá Clúdaigh:**
Culture Works (Arts Council Digital Arts Advisors)

Arna fhoilsiú ag An Chomhairle Ealaíon 2023

# 1. Fís

Is é an fhís atá againn go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun tacú le gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach atá á forbairt agus chun í a chothú in Éirinn. Déanaimid gach iarracht a chinntiú go dtugtar tacaíocht d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíon agus d'eagraíochtaí ealaíon chun saothar digiteach iontach a dhéanamh. Freisin, go n-aithnítear luach an tsaothair sin agus go mbaintear sult as go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun gur féidir le níos mó daoine sult a bhaint as eispéiris ardchaighdeáin na healaíne digití.

# 2. Réamhrá



Leagtar amach i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, plean forbartha fadtéarmach na n-ealaíon in Éirinn idir 2016–2025.

In Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016–2025) luaimid go, 'Léireoimid suntasacht shonrach scileanna agus **eolas digiteach do na healaíona trí bheith ag comhoibriú chun cumas digiteach a thógáil in earnáil na n-ealaíon.** Díreofar ár dtacaíocht ar bhealaí nua oibre agus ar fhéidearthachtaí nua do rannpháirtíocht an phobail.'

**Chun tacú le spriocanna digiteacha Shaothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, tá Beartas Ealaíon Digiteach forbartha ag an gComhairle Ealaíon ina:**

- Sainítear gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach.
- Leagtar amach seasamh agus cur chuige na Comhairle Ealaíon maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach.
- Sonraítear an comhthéacs agus na dúshláin atá ann maidir le forbairt na gníomhaíochta ealaíonta digití.
- nAithnítear smaointe don bheartas a bhaineann le cúig cholún Shaothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: An tEalaíontóir, Cumas a Fhorbairt, Rannpháirtíocht an Phobail, Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach, agus Straitéis Infheistíochta.
- Leagtar amach gníomhartha sonracha, intomhaiste, inbhainte amach, ábhartha agus faoi cheangal ama.

## Sainmhíniú

Is páirt lárnach é an ghné dhigiteach den tslí a gcaithimid ár saol sa lá atá inniu ann. Bíonn tionchar aige ar ár gcuid oibre, ár saol sa bhaile and ar an mbealach a mbímid rannpháirtíoch sa chultúr agus sna healaíona. Is minic go n-úsáidtear digiteach mar nath uileghabhálach sna healaíona. Is nath é ina gcumhdaítear gach rud ó tháirgeadh go hábhar go margaíocht agus na meáin shóisialta. Dá réir sin, céad tosaíocht an doiciméid seo ná chun raon an bheartais a shonrú.

Ní dhírítear ar mhargaíocht ná ar Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) sa bheartas. Ina ionad sin, a shainchúram ná chun neartú agus cur le tacaíocht na Comhairle Ealaíon maidir le gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach.

**Sainíonn an Chomhairle Ealaíon gníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha mar shaothar ealaíonta a:**

- Bhaineann úsáid dhíreach as uirlisí digiteacha agus cultúir dhigiteacha mar bhunábhar agus/nó mar ábhar chun saothar ar leith a dhéanamh mar shampla ealaín sonraí, bogearraí ríomhaireachta agus intleacht shaorga.
- Bhraitheann ar theicneolaíochtaí digiteacha chun a chuspóir ealaíonta a bhaint amach mar shampla físeán agus íomhá ghluaisteach ealaíontóra, soilsiú digiteach, ealaín ar líne, réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe etc.
- Léirítear trí ardáin dhigiteacha nó gléasanna digiteacha mar shampla sruthú amharclannaíochta, saothar ealaíne a roinnt ar líne, sruthú ceoil, ríomhleabhair a léamh, inrochtaineacht ilmheánach, etc.

## Seasamh

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon gur saineolaithe iad ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon ina réimsí. Dá réir sin, ní hé sprioc an bheartais tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha ná chun a bheith forordaitheach sa réimse sin. Ina ionad sin, tá beartas á fhorbairt ag an gComhairle Ealaíon chun neartú agus chun cur leis an gcumas agus leis na hacmhainní atá ann cheana in earnáil na nEalaíon Digiteach. Tá sé d'aidhm ag an mbeartas seo seasamh láidir na Comhairle Ealaíon chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha a chinntiú agus chun deiseanna a uasmhéadú d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí, agus don phobal freisin.

## Cur Chuige

Beidh iarrachtaí na Comhairle Ealaíon chun tacú le gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach níos éifeachtaí ná riamh nuair a chuirtear le agus nuair a neartaítear cumas agus acmhainní atá ann cheana. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach comhpháirtíochtaí atá ann cheana a threisiú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le haghaidh an bheartais seo agus le haghaidh ghníomhartha an bheartais.

# 4. Comhthéacs agus Dúshláin

Agus an beartas seo á fhorbairt ag an gComhairle Ealaíon, tugadh faoi chomhairliúchán forleathan leis an bpobal ealaíonta agus rinneadh athbhreithniú sonraí maidir le rannpháirtíocht an phobail. Leagadh béim sa phróiseas sin ar líon na ndúshlán a chuireann bac ar ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach a fhorbairt tuilleadh.

**Ina measc tá:**

- Easpa saineolais dhigitigh agus scileanna teicniúla in earnáil na n-ealaíon agus deacrachtaí aird a tharraingt ar na sainscileanna sin sna healaíona.
- An costas ard a bhíonn ann chun rochtain a fháil ar threalamh teicniúil agus ar bhogearraí digiteacha, scileanna agus saineolas le haghaidh ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon.
- An iomaíocht a chruthaítear le tairiscintí digiteacha eile, go háirithe, seirbhísí sruthaithe agus teilifíse athdheise.
- Bacainní ar rochtain dhigiteach le haghaidh roinnt ealaíontóirí agus roinnt den phobal.
- Srianta i dtaobh acmhainn inmheánach na Comhairle Ealaíon agus a saineolas maidir leis na healaíona digiteacha.

Laistigh den chomhthéacs sin, tá sé d’aidhm ag an mbeartas seo acmhainn inmheánach na Comhairle Ealaíon a mhéadú agus chun a chinntiú go bhfuil na scileanna agus an tacaíocht atá ag teastáil uathu ag na healaíontóirí, na hoibrithe ealaíon agus na heagraíochtaí ealaíon a bhfuil suim acu sna healaíona digiteacha. Ar an mbealach sin, cuirtear le cúig cholún uile Shaothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh leis an mbeartas: An tEalaíontóir, Cumas a Fhorbairt, Rannpháirtíocht an Phobail, Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach, agus Straitéis Infheistíochta.

## 5.1 An tEalaíontóir

Ó thús ama, bhíodh ealaíontóirí ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht theicneolaíoch. D'úsáideadh siad uirlisí agus teicnící nua chun ealaíon nuálach a chruthú, amhail laindéir a chruthú a raibh tionchar acu ar an lúmanachas nó tiúbdhathanna a úsáid chun péinteáil plein-air, as a d'eascair an t-impriseanachas le himeacht ama. Nó teacht isteach na grianghrafadóireachta go teacht chun cinn na drámaíochta raidió agus cúnamh ceannródaíoch na n-ealaíontóirí damhsa i dturgnaimh luatha na teilifíse daite. Bíonn ról lárnach ag ealaíontóirí ó thaobh cuidiú linn forbairtí nua sa teicneolaíocht a thuiscint. I ndomhan ina bhfuil tábhacht ár ngaoil leis an teicneolaíocht ag méadú, is ó ealaíontóirí a lorgaímid cúnamh chun brí na forbartha sin a cheistiú ó thaobh ár saolta de agus ó thaobh na sochaí i gcoitinne de. Áirítear leis sin an teicneolaíocht a scrúdú go géar agus an tionchar a bhíonn aici ar ár saolta a thabhairt faoi deara.

Dá réir sin, tá sé d'aidhm ag an mbeartas seo chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun cuidiú le agus chun tacú leis an ról lárnach a bhíonn ag ealaíontóirí maidir leis an ngné sin den saol nua-aimseartha a cheistiú agus a shainiú.

Aithnítear leis an mbeartas nach bhfuil ealaíontóirí 'digiteach' ná 'neamh-dhigiteach'. Ina ionad sin, gluaiseann siad idir cleachtais a bhféadfaí roinnt foirmeacha ealaíne a chuimsiú leo agus lena n-airítear páirtithe iomadúla go minic. Dá réir sin, ní mór do struchtúir thacaíochta, lena n-áirítear conairí maoinithe- gan teorainn foirme ealaíne amháin a chur le cleachtas ealaíonta digiteach ná teorainn a chur le comhoibriú. Ina ionad sin, ní mór dóibh tacú le nuálaíocht de gach foirm faoi stiúir ealaíontóirí.

Aithnítear leis an mbeartas seo freisin go dtugann digiteach deiseanna comhoibrithe idirnáisiúnta agus maoinithe trasteorann. Dá réir sin, tá sé d'aidhm ag an mbeartas seo béim a leagan agus tacú leis na deiseanna idirnáisiúnta atá ar fáil d'ealaíontóirí Éireannacha. Ar an mbealach sin, tá an beartas i gcomhréir le Beartas Idirnáisiúnta na Comhairle Ealaíon a bhfuil sé d'aidhm aige piar-rannpháirtíocht a éascú trí theicneolaíochtaí digiteacha.

## 5.2 Cumas a Fhorbairt

Chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíon agus d'eagraíochtaí ealaíon atá ag obair sna healaíona digiteacha, tá géarghá ann cumas a fhorbairt trasna na hearnála ealaíon níos leithne agus laistigh den Chomhairle Ealaíon araon.

**Díreofar ar chumas a fhorbairt trí ghníomhartha ina:**

- gCuirtear le tuiscint an tírdhreacha forbartha gairmiúla reatha sna healaíona digiteacha.
- nAithnítear na príomhscileanna atá ag teastáil ó earnáil na n-ealaíon.
- nOibrítear le comhpháirtithe chun cláir oiliúna a fhorbairt.

Tabharfar aghaidh san oiliúint ar cheisteanna rochtana, bacainní eile ar rannpháirtíocht agus seachnófar toimhdí maidir le leibhéil scileanna freisin. Ag glacadh leis an luas athraithe tapa sa digiteach, déanfar faireachán ar na scileanna atá ag teastáil agus an oiliúint atá ar fáil agus nuashonrófar go rialta iad.

D'aithin na páirtithe leasmhara go raibh meantóireacht agus scéimeanna cónaitheachta a thugann tacaíocht ríthábhachtach chun forbairt acmhainne fhadtéarmach a chothú. Beidh an comhoibriú mar bhonn sheachadadh na ngníomhartha seo, in éineacht le comhpháirtithe féideartha lena n-áirítear na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha agus comhlachtaí oideachais.

### 5.3 Rannpháirtíocht an Phobail

Maidir le rannpháirtíocht an phobail, fiosrófar agus bainfear tairbhe as na deiseanna arna dtairiscint ag digiteach chun rannpháirtíocht sna healaíona agus an rochtain orthu a mhéadú leis an mbeartas. Freisin, tá sé d'aidhm ag an mbeartas tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíona a oibríonn sa spás digiteach agus iad a chumasú agus a chumhachtú i dtaobh a n-iarrachtaí chun lucht féachana a tharraingt isteach.

I dtosach, beartaítear leis an mbeartas seo chun oibriú le heagraíochtaí tacaíochta chun na deiseanna a thugann digiteach a aithint agus tairbhe a bhaint astu chun rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona a mhéadú i pobail áirithe. Áirítear leis na gníomhartha taighde agus béim ar chás-staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an mbealach ar cuireadh feabhas ar rochtain ar na healaíona mar gheall ar dhigiteach. Áirítear leis sin rochtain i measc pobal níos sine, pobal faoi mhíchumas agus na cásanna gur cuidíodh saothar ealaíne a dhéanamh go comhpháirteach mar gheall ar dhigiteach.

Aithnítear leis an mbeartas freisin, áfach, nach réiteofar na ceisteanna rochtana uile le digiteach agus go bhfuil bacainní ar rannpháirtíocht dhigiteach ann. Áirítear leis na bacainní seo ganntanas digiteach agus na dúshláin a bhíonn ann do roinnt daoine a bheith ag oibriú ar líne. Dá réir sin, tá sé d'aidhm ag an mbeartas seo tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an deighilt dhigiteach a laghdú trí ailíniú le hobair reatha maidir le rochtain agus ionchuimsitheacht, ina measc sin tá Beartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht (CCDÉ) agus beartas Rannpháirtíochta sna hEalaíona atá le teacht.

Anuas air sin, léiríodh i Suirbhé Rannpháirtíochta na nEalaíon Náisiúnta 2021[1] go bhfuil smacht iomlán ag seirbhísí sruthaithe agus teilifís athdheise ar rannpháirtíocht dhigiteach in Éirinn. Dá réir sin, tá sé d'aidhm ag an mbeartas tacú le hiarrachtaí na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon chun béim a leagan ar raon níos leithne de thairiscintí ealaíonta digiteacha, chun a chinntiú gur eol don phobal agus go bhfuil rochtain acu ar ealaíona digiteacha na hÉireann agus idirnáisiúnta.

[1] Léargas ar na hEalaíona, Suirbhé Rannpháirtíochta na nEalaíon Náisiúnta 2021 Déanta ag taighde agus léargas B&A in 2021.

**Seo a leanas na gníomhartha atá beartaithe sa réimse sin:**

in éineacht le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun saothar ealaíonta digiteach a thaispeáint.

Trí chumarsáid a bhaineann le healaín dhigiteach na hÉireann agus seóthaispeántas na healaíne sin a mhéadú, féadfaidh ról lárnach a bheith ag an gComhairle Ealaíon, ní hamháin maidir leis an saothar sin a thabhairt chuig pobal na hÉireann, ach freisin maidir le feasacht idirnáisiúnta ar an saothar atá á dhéanamh ag ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon Éireannacha a mhéadú.

Ar an mbealach sin, leis an mbeartas seo tacaítear le gníomhartha sa Bheartas idirnáisiúnta a bhfuil sé d'aidhm acu láithreacht agus próifíl ar líne na n-ealaíontóirí bunaithe in Éirinn a fheabhsú.

### 5.4 Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach

Le digiteach, tugtar deiseanna chun rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona a mhéadú timpeall na tíre. Áirítear leis sin feabhas a chur ar rochtain dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu faoin tuath. Áirítear leis na gníomhartha gréasán na n-ionad ealaíon agus na bhféilte réigiúnacha atá ann cheana a threisiú chun feabhas a chur ar rochtain ar na healaíona digiteacha ar fud na tíre.

Caithfear smaoineamh ar bhuntáistí féideartha an mhéadaithe i rannpháirtíocht an phobail i dteannta le bacainní féideartha cosúil le droch-cheangailidirlín. Dá réir sin, leis an mbeartas seo ailínítear le hobair a rinneadh cheana ina moladh gníomhartha sa Bheartas Spáis a tacaíonn le cur i bhfeidhm líonra leathanbhanda go náisiúnta.

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon tábhacht chartlannú na n-ealaíon digiteach. Oibreoimid le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar athruithe sna cleachtais cartlainne dhigiteacha. Tá an méid sin tábhachtach, go háirithe le haghaidh cleachtas cruthaithe ealaíne atá bunaithe i agus/nó scaipthe i spásanna digiteacha nó fíorúla.

**Chomh maith le buntáistí féideartha don chomhshaol a chruthaíonn digiteach, cosúil le hastaíochtaí laghdaithe as taisteal chun ealaín a fheiceáil, ní mór don bheartas tionchar comhshaoil na ngníomhaíochtaí digiteach a aithint, lena n-áirítear:**

- An riosca go gcaitear amach trealamh i láithreáin líonta talún.
- An lorg carbóin a ghintear trí thras-seoladh sonraí, ábhar sruthaithe agus óstáil sonraí i lárionaid sonraí.

Dá réir sin, beidh an beartas solúbtha, rachaidh sé in oiriúint do agus beidh ról aige in aon bhearta beartaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide. Go háirithe, na moltaí sin maidir le digiteach a d'fhéadfaí teacht ó Bheartas na Comhairle Ealaíon maidir le Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide a fhoilseofar in 2023.

### 5.5 Infheistíocht

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon go bhféadfaí go mbeidh roinnt mhaith costas ag baint le foirmeacha áirithe de ghníomhaíochtaí ealaíon digiteacha. Chomh maith le costas tosaigh ard an trealaimh agus dífheidhmeacht fhéideartha, éilítear cur chuige solúbtha mar gheall ar chineál athraitheach digiteach chun a chinntiú go dtéann an Chomhairle Ealaíon in oiriúint do agus go dtugann siad aghaidh ar theicneolaíocht atá ag athrú agus na riachtanais a bhíonn ann dá bharr.

Trí acmhainn inmheánach sa digiteach a neartú, leis an mbeartas seo ceadaítear don Chomhairle Ealaíon an tuiscint atá aici ar riachtanais mhaoinithe na hearnála a neartú agus leanúint de bheith ag athrú na tuisceana sin. Áirítear le gníomhartha sa réimse sin leasuithe ar struchtúir mhaoinithe reatha a fhiosrú chun a áirithiú go bhfuil conairí maoinithe soiléire le haghaidh ealaíontóirí agus eagraíochtaí a oibríonn sna healaíona digiteacha.

**Beidh sé d'aidhm ag aon leasuithe an méid seo a leanas a chinntiú:**

- Go dtuigtear cur chuige comhoibríoch na gníomhaíochta ealaíonta digiteach agus nach gcuirfear srian ar dheiseanna maoinithe dá bharr.
- Go bhfuil an struchtúr maoinithe oiriúnach don tírdhreach nuálach comhaimseartha agus solúbtha go leor chun dul in oiriúint do chleachtais nua agus chun tacú leo.

Trí ghníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha maoinithe ag an gComhairle Ealaíon atá ann cheana agus atá le teacht a thaispeáint, tá sé d'aidhm ag an mbeartas seo meabhrú d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíon agus d'eagraíochtaí ealaíon go maoinítear obair den chineál sin agus go dtugtar tacaíocht di leis an gComhairle Ealaíon.

Cé nach bhfuil maoiniú laistigh de shainchúram na Comhairle Ealaíon, d'fhéadfadh ról a bheith againn maidir le tacú le agus taighde a dhéanamh ar infheistíocht chaipitiúil. Faoi láthair, tá tuiscint theoranta ar an méid atá ag teastáil sa réimse sin agus d'fhéadfaí tionchar mór a bheith ag iarrachtaí na Comhairle Ealaíon ann.

**Dá réir sin, seo a leanas na gníomhartha atá beartaithe sa réimse sin:**

- An trealamh riachtanach chun tacú le gníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha a shainaithint.
- Taighde a dhéanamh agus samhlacha a aithint chun trealamh ealaíonta digiteach a sholáthar.
- Measúnú a dhéanamh ar chomhpháirtithe féideartha.
- A bheith i gcomhar leis an roinn rialtais ábhartha maidir le hinfheistíocht chaipitil.

# 6. Cé dó an Beartas seo?

**Chun Beartas na Comhairle Ealaíon maidir leis na hEalaíona Digiteacha a fhorbairt, rinne an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas:**

- Labhair an Chomhairle le healaíontóirí, le hoibrithe ealaíon, agus le heagraíochtaí agus ionadaithe ealaíon ó eagraíochtaí acmhainne agus ó chomhlachtaí oideachais.
- Athbhreithníodh sonraí maidir leis an mbealach a mbíonn an pobal rannpháirteach le gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach.
- Rinneadh sainchomhairliúchán inmheánach laistigh den Chomhairle Ealaíon í féin.

Le linn an phróisis comhairliúcháin sin, bhí sé soiléir go mbainfeadh roinnt mhaith páirtithe leasmhara tairbhe as beartas atá léirithe go soiléir lena n-áirítear ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, eagraíochtaí acmhainne agus an pobal i gcoitinne.

Rud atá tábhachtach, shoiléirigh na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon go mbeidh an beartas úsáideach, go háirithe ó thaobh obair na Comhairle Ealaíon í féin a threorú.

**Tá sé d'aidhm ag an mbeartas cumas na Comhairle Ealaíon a neartú maidir lena spriocanna chun:**

- Tacú le healaíontóirí chun sárshaothar a dhéanamh.
- A chinntiú go mbainfidh níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon ardchaighdeáin trí dhul in oiriúint do dhomhan atá faoi mhórthionchar digiteach, agus trí thairbhe a bhaint as an domhan céanna.

# 7. Ráiteas Beartais

Aithníonn an Chomhairle Ealaíon, mar an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as forbairt na n-ealaíon, an ról atá aici chun a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an maoiniú ag an earnáil ealaíon chun tacú le gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach atá á forbairt agus chun í a chothú in Éirinn. Ina theannta sin, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag an bpobal ar an saothar sin agus gur féidir leis taitneamh a bhaint as.

An fhís atá againn ná todhchaí ina mbíonn gníomhaíochtaí ealaíonta rafara agus inar féidir le níos mó daoine sult a bhaint as ealaíona digiteacha ardchaighdeáin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Agus an beartas seo á fhoilsiú, táimid ag gealladh go dtabharfaimid faoi ghníomhartha sna blianta romhainn chun ár dtuiscint ar ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach a neartú. Freisin, ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil an tacaíocht atá ag teastáil uathu ag ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon. Aithníonn muid gur gá an fhís sin a neadú inár struchtúr inmheánach chun eolas a dhéanamh dár gcuid oibre féin. Dá réir sin, bunphrionsabal an bheartais seo ná cumas digiteach a neartú laistigh den Chomhairle Ealaíon.

Leis na bunsmaointe sin san áireamh, tá sraith gníomhaíochtaí curtha le chéile i bpáirt ag an gComhairle Ealaíon atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta 3-Bliana a leanas. Déanfar faireachán géar ar an bplean seo chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, éifeachtúlacht a fheabhsú agus tionchar a mheas.

# Beartas maidir leis na hEalaíona **Digiteacha**

**Plean Forfheidhmithe**

2023—2025

# 1. Gníomhartha Corparáideacha

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Conradh **bainistíochta tionscadail agus comhairle sna hEalaíona Digiteach**a a bhronnadh. | Tá duine ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon ar féidir dul i gcomhairle leis maidir leis na hEalaíona Digiteacha. | Tabharfaidh an comhairleoir digiteach agus bainisteoir tionscadail comhairle maidir le forbairt Bheartas na nEalaíon Digiteach agus cuirfidh siad na gníomhartha molta i bhfeidhm. | R4 2021 |
| 1.2 | Athbhreithniú géar a dhéanamh ar **ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach maoinithe ag an gcomhairle ealaíon.** | Tá tuiscint láidir ag an gComhairle Ealaíon ar an ngníomhaíocht ealaíonta dhigiteach a mhaoiníonn sí agus tá sí in ann saothar ealaíonta digiteach a roinnt agus a léiriú. | Tugtar faoi anailís iarratas ó dhaoine agus ó eagraíochtaí chun gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach a mhaoin an Chomhairle Ealaíon le déanaí a aithint trasna na n-ardán ar fad.<br><br>Roinntear achoimre rialta ar ghníomhaíocht ealaíon dhigiteach go hinmheánach chun gníomhaíocht atá ann cheana sa spás sin a aithint agus chun roinnt na gníomhaíochta ealaíon digiteach a mholadh. | R3 2022<br>R3 2023<br>ar aghaidh. |
| 1.3 | Tabhair faoi **thaighde maidir le forbairt agus maoiniú na gníomhaíochta ealaíonta digití ar fud na hEorpa** agus soiléirigh na deiseanna maoinithe atá ar fáil. | Tá an Chomhairle Ealaíon in ann foghlaim ó na samhlacha cleachtais is fearr maidir le maoiniú na gníomhaíochta ealaíonta digití san Eoraip.<br><br>Spreagann agus éascaíonn an Chomhairle Ealaíon rannpháirtíocht i dtionscnaimh na n-ealaíon digiteach uile-Eorpach.<br><br>Baineann ealaíontóirí in Éirinn tairbhe as cláir Eorpacha maidir le maoiniú agus comhoibriú. | Aithnítear tíortha inchomparáide, comhairlí ealaíon agus beartais dhigiteacha agus déantar measúnú ar a samhlacha maoinithe.<br><br>Sainaithnítear na príomhphointí foghlama ó gach samhail.<br><br>Tugtar faoi thaighde ar chláir mhaoinithe uile-Eorpacha áirithe. Foilsítear liosta de na rudaí sin ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon agus cuirtear chun cinn é ar fud an tionscail. | R4 2023 |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 1.4 | **Luach saothair** cuí a mholadh do shaothar ealaíne digiteach. | Tabhair luach saothair cothrom d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon le haghaidh a gcuid oibre sa spás digiteach. | Déan faireachán ar na dúshláin agus na deiseanna a thagann ón Treoir (AE) 2019/790 maidir le Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach a cuireadh i ndlí na hÉireann agus an tAcht AE le teacht atá mar an chéad rialachán maidir le hintleacht shaorga atá agus an tslí a mbeidh tionchar aici siúd ar Shaothar an Ealaíontóra.<br><br>Saineolas inmheánach i réimse an chóipchirt dhigitigh a neartú.<br><br>Cuir leis an mbeartas **Luach Saothair don Ealaíontóir** chun luach saothair oiriúnach a áirithiú sa spás digiteach. | R3 2023 ar aghaidh |
| 1.5 | **Bainisteoir um Sheachadadh Cláir** a earcú le haghaidh **Bheartas na Comhairle Ealaíon maidir leis na hEalaíona Digiteacha.** | Ball Foirne atá ag obair chun cuspóirí agus gníomhartha Bheartas na nEalaíon Digiteach a bhaint amach. | Tá an ról le dréachtú agus le fógairt sna hearnálacha ealaíon agus teicneolaíochta araon. | R1 2023 |
| 1.6 | **Sainmheasúnóir digiteach** a cheapadh chun measúnú maoinithe tánaisteach a sholáthar. | Tá an acmhainn inmheánach ag an gComhairle Ealaíon chun measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht na n-ealaíon digiteach. | Le hathbhreithniú leanúnach an chomhairleora/na samhla measúnóra, smaoinítear ar riachtanas an tsaineolais dhigitigh ar leibhéal an mheasúnóra.<br><br>Dáiltear na hacmhainní agus ceaptar measúnóir. | R2 2024 |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 1.7 | Leasaítear an **teimpléad soláthair le haghaidh comhairleoirí nua** chun saineolas digiteach a chur san áireamh mar scil inmhianaithe sa liosta critéar. | Tá cumas na Comhairle Ealaíon sa digiteach feabhsaithe. | Áirítear leis an teimpléad soláthair le haghaidh comhairleoirí nua saineolas digiteach mar scil inmhianaithe sa liosta critéar.<br>Amach anseo, beidh taithí níos fearr ag comhairleoirí sa réimse digiteach. | R2 2024 |
| 1.8 | Tairgtear oiliúint **forbartha gairmiúla** sa digiteach d'fhoirne ealaíon agus do chomhairleoirí. | Tá acmhainn inmheánach na Comhairle Ealaíon á neartú chun comhairle a thabhairt maidir le gníomhaíocht na n-ealaíon digiteach agus chun tacú léi. | Déantar comhairliúchán in éineacht le foirne ealaíon chun na scileanna teicniúla agus digiteacha is tábhachtaí a shainaithint.<br>Cruthaítear agus tairgtear cláir oiliúna trasna na Comhairle Ealaíon agus d'fhoirne trasna na bhfoirmeacha ealaíne uile. | R3 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **1.9** | Fiosraigh leasuithe ar **struchtúir mhaoinithe reatha na Comhairle Ealaíon.** | Tá an tacaíocht airgeadais atá ag teastáil ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon in Éirinn chun a bhfís ealaíonta dhigiteach a bhaint amach. | Fiosrófar leasuithe ar struchtúir mhaoinithe reatha chun a áirithiú go bhfuil conairí maoinithe soiléire le haghaidh ealaíontóirí agus eagraíochtaí a oibríonn go sonrach le digiteach.<br>Beidh sé d'aidhm ag leasuithe a chinntiú nach mbíonn na healaíontóirí ná na heagraíochtaí ar mian leo a bheith rannpháirtíoch i ngníomhaíocht ealaíonta dhigiteach ag tirim idir foirmeacha ealaíne; go dtuigtear cur chuige comhoibríoch na gníomhaíochta ealaíonta digití agus nach gcuirfear srian ar dheiseanna maoinithe dá bharr; agus go n-oireann an struchtúr maoinithe don tírdhreach nuálach comhaimseartha.<br>Ní mór do struchtúir mhaoinithe a bheith solúbtha go leor chun dul in oiriúint do chleachtais nua agus chun tacú leo. | R1 2024 ar aghaidh |
| **1.10** | **Meastóireacht a dhéanamh** ar an mBeartas Ealaíon Digiteach. | Déantar faireachán ar éifeachtúlacht an Bheartais seo go rialta agus go neamhspleách. | Measúnú sonrach ar na gníomhartha déanta, na gníomhartha atá ar siúl faoi láthair agus iad siúd nach bhfuil déanta go fóill tar éis 12 mhí, 18 mí, agus 3 bliana.<br>Féadfar an Beartas Ealaíon Digiteach a nuashonrú agus na tionscnaimh agus leasaitheoirí nua á gcur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar luas tapa na gníomhaíochta ealaíonta digití atá á forbairt i gcónaí. | Leanúnach |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | **Tá Bosca Uirlisí Digiteach na Comhairle Ealaíon** á chur chun cinn i gcomhthráth le seoladh Bheartas na nEalaíon Digiteach. | Meabhraítear d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon go bhfuil acmhainní ann cheana a d'fhéadfadh cabhrú leo saothar ealaíonta digiteach a fhorbairt. | Curtha chun cinn ar líne i gcomhar le seoladh an bheartais. Athchóirítear an Bosca Uirlisí Digiteach. | R4 2023 |
| 2.2 | Iniúchadh a dhéanamh ar na **cúrsaí oiliúna digiteacha agus teicniúla le haghaidh na n-ealaíon** ar fad atá ann cheana féin atá ar fáil in Éirinn. | Cuireann an Chomhairle Ealaíon le tuiscint láidir an tírdhreacha forbartha gairmiúla reatha i spás na n-ealaíon digiteach. | Tar éis dul i gcomhairle le comhlachtaí oideachais, eagraíochtaí acmhainne agus go hinmheánach laistigh den Chomhairle Ealaíon, cuirtear cnuasach le chéile maidir le cúrsaí na n-ealaíon digiteach. | R4 2023 ar aghaidh |
| 2.3 | Na **príomhscileanna digiteacha agus teicniúla** atá ag teastáil ó earnáil na n-ealaíon a aithint. | Tuigeann an Chomhairle Ealaíon na ceanglais forbartha acmhainne atá ann in earnáil ealaíon na hÉireann agus sa spás digiteach. | Aithnítear bearnaí i gcnuasach cúrsaí na n-ealaíon digiteach atá ann cheana.<br><br>Tugtar faoi anailís iarratas a fhaightear ón Scéim Forbartha Acmhainní chun na cúrsaí/an oiliúint atá á lorg ag ealaíontóirí sa réimse sin a aithint.<br><br>Leagtar béim ar na scileanna teicniúla agus digiteacha is mó éileamh in earnáil na n-ealaíon sna hagallaimh le healaíontóirí, le hoibrithe ealaíon agus le heagraíochtaí ealaíon agus go hinmheánach laistigh den Chomhairle Ealaíon. | R3 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **2.4** | Smaoinigh ar **dheontais acmhainne digití** chun tacú le saothar ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon. | Tá an tacaíocht theicniúil atá ag teastáil ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon in Éirinn chun a bhfís ealaíonta dhigiteach a bhaint amach.<br><br>Tairgtear le digiteach bealach eile chun deiseanna fostaíochta sna healaíona a mhéadú. | Déantar taighde ar shamhlacha maoinithe na hEorpa maidir le deontais maidir le haghaidh oibrithe sna healaíona digiteacha.<br><br>Smaoinítear ar chomhpháirtíochtaí a chothú le comhlachtaí oideachais mar bhealach chun scileanna digiteacha a tharraingt isteach sna healaíona, tacú le healaíontóirí agus conair a sholáthar chun dul i mbun obair ar íocaíocht sna healaíona le haghaidh scoláirí digiteacha.<br><br>Smaoineoidh an Chomhairle Ealaíon ar an mbealach is fearr chun rochtain ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon ar shaineolaithe teicniúla agus digiteachta atá ag obair sa réimse seo cheana a éascú.<br><br>Ag glacadh leis an gcostas suntasach a bhíonn ar leithdháileadh acmhainní agus an seans nach mbeadh na hacmhainní ag teastáil go lánaimseartha, smaoineoidh an Chomhairle Ealaíon ar phainéal de shaineolaithe digiteacha agus teicniúla a chur le chéile is féidir le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon a úsáid nuair is gá. | R4 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 2.5 | Aithnigh, déan measúnú ar agus téigh i gcomhar le comhpháirtithe féideartha maidir le **cláir forbartha gairmiúla** sa digiteach a sholáthar. | Tá rochtain ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon in Éirinn ar oiliúint i scileanna digiteacha agus teicniúla. | Aithníonn agus téann an Chomhairle Ealaíon i gcomhairle le príomheagraíochtaí acmhainne trasna na bhfoirmeacha ealaíne uile, le comhlachtaí oideachais agus le heagraíochtaí ábhartha sa tionscal cruthaitheach maidir le líon áirithe scéimeanna oiliúna a leagan amach (agus béim á leagan ar bhogearraí foinse oscailte, más ábhartha) chun dul i ngleic leis na deighiltí digiteacha agus teicniúla a aithnítear.<br><br>Chomh maith le cúrsaí chun digiteach a úsáid chun cruthú ealaíne a éascú, le cláir forbartha gairmiúla fiosrófar úsáid digiteach chun faireachán a dhéanamh ar lucht féachana, scaipeadh agus rochtain a mhéadú agus tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon chun luach saothair cuí a chinntiú do ghníomhaíocht ealaíon dhigiteach.<br><br>Áirítear freisin le cláir forbartha gairmiúla tacaíochtaí d'ealaíontóirí faoi mhíchumas, agus aithnítear agus díghlasáiltear na buntáistí digiteacha chun bealaí nua oibre féideartha a sholáthar. | R4 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 2.6 | Tús a chur le comhpháirtíochtaí le gníomhaithe straitéiseacha chun **meantóireacht** dhigiteach agus theicniúil a sholáthar. | Go bhfuil rochtain ag ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon in Éirinn ar shaineolas digiteach agus teicniúil ardchaighdeáin. | Príomhghníomhaithe straitéiseacha a aithint ar féidir dul i gcomhairle leo, lena n-áirítear na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha agus comhlachtaí oideachais.<br><br>Forbraítear struchtúr meantóireachta agus tugtar meantóireacht do líon ealaíontóirí/ eagraíochtaí go bliantúil. | R4 2023 ar aghaidh |
| 2.7 | Tús a chur le comhpháirtíochtaí le hoideachasóirí chun **Cónaitheachtaí** na nEalaíon Digiteach a sholáthar. | Bíonn an deis ag ealaíontóirí dul i gcomhar le saineolaithe digiteacha agus teicniúla chun a scileanna a neartú agus saothar nua a spreagadh. | Cuirtear liosta le chéile agus déantar measúnú ar chónaitheachtaí atá ann cheana lena n-áirítear Ealaíontóir Cónaithe sa Teicneolaíocht agus Nuálaíocht de chuid na Comhairle Ealaíon agus DCU.<br><br>Pléitear samhlacha Eorpacha maidir le cónaitheachtaí digiteacha agus teicniúla.<br><br>Leagtar cónaitheachtaí amach le haghaidh ealaíontóirí i líon ollscoileanna agus institiúidí teicniúla píolótacha ar fud na tíre i dtosach agus athbhreithnítear iad agus déantar measúnú orthu go bliantúil. | R1 2024 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | **Ábhair ar líne** a chruthú i gcomhthráth le seoladh Bheartas na nEalaíon Digiteach. | Tá níos mó feasachta ag an bpobal go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta maidir le gníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha.<br><br>Tá earnáil ealaíon na hÉireann feasach ar Beartas na nEalaíon Digiteach agus meabhraítear dóibh siúd san earnáil go bhfuil tacaíocht á tairiscint ag an gComhairle Ealaíon sa réimse sin agus moltar dóibh cur isteach ar mhaoiniú. | Scéalaí ealaíon digiteach a aithint agus a spreagadh chun obair le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon maoinithe ag an gComhairle Ealaíon ó chéimeanna tosaigh na dtionscnamh chun béim a leagan ar a gcuid oibre. D'fhéadfadh oiliúint PR le healaíontóirí a bheith san áireamh leis sin, mar aon le pacáistí scéalaíochta digiteacha a chruthú agus infhaighteacht a fheabhsú.<br><br>Cruthaítear gearrfhíseáin/giotaí, íomhánna agus foirmeacha ábhair eile a oireann do na meáin shóisialta chun béim a leagadh ar<br><br>ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon.<br><br>Foilseofar físeán níos faide a bhféadfadh agallaimh le coimeádaithe agus le saineolaithe taighde in Éirinn a bheith ann ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon, mar aon lena hardáin meán sóisialta, i dteannta le Beartas na nEalaíon Digiteach. | R4 2023 |
| 3.2 | An **t-éileamh** maidir le gníomhaíocht ealaíon digiteach a mheas i measc phobal na hÉireann. | Tá tuiscint níos fearr ag an gComhairle Ealaíon agus ag earnáil na n-ealaíon ar riachtanais na bpobal sa spás sin. | Déantar anailís ar thaighde inmheánach atá ann cheana lena n-áirítear an cleachtadh maidir le léarscáiliú digiteach agus Suirbhé Rannpháirtíochta maidir leis na hEalaíona Digiteacha chun leibhéal na gníomhaíochta digití agus suim na bpobal éagsúil maidir le gníomhaíocht na n-ealaíon digiteach a thuiscint. | R3 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 3.3 | An ról is féidir a bheith ag digiteach chun rochtain ar na healaíona a mhéadú i measc **daoine faoi mhíchumas** a fhiosrú. | Déantar digiteach a threisiú chun rochtain ar na healaíona a mhéadú i measc daoine faoi mhíchumas.<br><br>Tá Beartas na nEalaíon Digiteach ailínithe le Beartas CCDÉ agus le beartas Rannpháirtíochta sna hEalaíona atá le teacht | Comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí tacaíochta atá ag obair sna healaíona agus le daoine faoi mhíchumas ar mhaithe le deiseanna a sholáthraíonn digiteach chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht sna healaíona a fhiosrú.<br><br>Cinntigh go n-áirítear oiliúint ar an gcaoi chun digiteach a úsáid ar mhaithe le feabhas a chur ar rochtain ar na healaíona le haghaidh daoine faoi mhíchumas leis na cláir forbartha gairmiúla á stiúradh ag na comhpháirtithe.<br><br>Cás-staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur le chéile maidir le tionscnaimh inar úsáideadh digiteach chun rochtain ar na healaíona a fheabhsú i measc pobal faoi mhíchumas.<br><br>Tuilleadh leaganacha inrochtana teanga/grafacha a eagrú don bheartas agus don phlean gníomhaíochta seo. | R2 2024 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 3.4 | An ról is féidir a bheith ag digiteach chun rochtain ar na healaíona a mhéadú i measc na **bpobal faoin tuath** a fhiosrú. | Tá rochtain ag pobail ar fud na hÉireann ar ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach den chéad scoth. | Gréasán na n-ionad ealaíon agus na bhféilte réigiúnacha atá ann cheana a threisiú chun rochtain a chinntiú ar fud na tíre. D'fhéadfaí go n-áirítear leis seo tionscadail phíolótacha a sheoladh le húdaráis áitiúla i mbailte Éireannacha ina n-úsáidtear meáin dhigiteacha chun cultúr a thabhairt go lucht féachana níos leithne.<br><br>Cáis-staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur le chéile maidir le tionscnaimh inar éascaigh digiteach saothar ealaíne a chruthú laistigh de cheantair thuaithe agus trasna achar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.<br><br>Ailíniú le gníomhartha an Bheartais Áite, Spáis & Daoine a chinntiú lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do agus leas a bhaint as rolladh amach an leathanbhanda náisiúnta chun rochtain ar ardáin dhigiteacha inar féidir teacht ar na healaíona a chinntiú. | R2 2024 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **3.5** | An ról is féidir a bheith ag digiteach chun rochtain ar na healaíona a mhéadú i measc **pobal níos sine** a fhiosrú. | Digiteach a threisiú chun rochtain ar na healaíona a mhéadú i measc pobal níos sine. | Comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí tacaíochta atá ag obair le pobail níos sine chun deiseanna a sholáthraíonn digiteach chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht sna healaíona a fhiosrú.<br><br>Cáis-staidéir náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur le chéile maidir le tionscnaimh inar úsáideadh digiteach chun rochtain a fheabhsú i measc pobal níos sine. | R2 2024 ar aghaidh |
| **3.6** | Tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an **deighilt dhigiteach** in Éirinn agus d'iarrachtaí í a laghdú. | Bíonn ról ag an gComhairle Ealaíon chun comhionannas digiteach a chinntiú in Éirinn. | Téigh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí tacaíochta agus le cláir rialtais chun bearta a thugann aghaidh ar an deighilt dhigiteach a mholadh. | R3 2024 ar aghaidh |
| **3.7** | Comhlánaigh **Measúnacht Tionchair Eacnamaíoch** (EIA) na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (CCInna) in Éirinn. | Tá tuiscint ag an gComhairle Ealaíon ar thionchar CCInna ar an ngeilleagar. | Grúpa Stiúrtha a chruthú a bhaineann leis an gComhairle Ealaíon, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Ollscoileanna Éireannacha.<br><br>Cuirtear comhlacht neamhspleách le chéile chun EIA de CCInna a chomhlánú in Éirinn.<br><br>Tairgtear EIA CCI go leathan trasna na hearnála, lena n-áirítear do chomhlachtaí oideachais chun béim a leagan ar na deiseanna, go háirithe ó thaobh na fostaíochta de, laistigh den earnáil. | R1 2024 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 3.8 | Taighde a dhéanamh ar rochtain ealaíonta dhigiteach ar an **bpobal.** | Tá rochtain ag an bpobal ar ghníomhaíocht ealaíonta dhigiteach na hÉireann den chéad scoth. | Smaoinítear ar dheiseanna maidir le spás tiomnaithe le haghaidh gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach.<br><br>Choimeádfaí an t-ábhar le bheith ábhartha maidir le spás ealaíon digiteach.<br><br>An líon daoine a dhéanann teagmháil le nó a bhaineann úsáid as ábhar ealaíonta digiteach a thomhas | R2 2024 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **4.1** | Déantar taighde chun an **trealamh** atá ag teastáil chun tacú le gníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha a shainaithint. | Tá tuiscint shoiléir ag an gComhairle Ealaíon ar an trealamh atá ag teastáil chun tacú le gníomhaíochtaí ealaíonta digiteacha in Éirinn. | Tugtar faoi anailís iarratas a fhaightear ón Scéim Forbartha Acmhainní chun an trealamh atá á lorg ag ealaíontóirí, oibrithe ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon sa spás digiteach a aithint.<br><br>Déantar comhairliúchán le healaíontóirí, le heagraíochtaí ealaíon agus le comhlachtaí ábhartha, chun tuiscint níos fearr a chothú maidir le riachtanais na hearnála chun gníomhaíocht ealaíonta dhigiteach a fhorbairt. | R3 2023 ar aghaidh |
| **4.2** | Déantar taighde ar **shamhlacha atá ann cheana agus féideartha maidir le trealamh ealaíonta digiteach a sholáthar** in earnáil na n-ealaíon. | Tá rochtain ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon ar an teicneolaíocht is déanaí chun triail a bhaint as rudaí nua agus chun a gcleachtas ealaíon digiteach a fhorbairt. | Déantar taighde ar scéimeanna forála a bhí ann agus atá ann cheana in Éirinn, lena n-áirítear scéimeanna trealaimh ar cíos.<br><br>Déantar taighde ar scéimeanna forála trealaimh ar fud na hEorpa.<br><br>Déantar rioscaí a mheas, lena n-áirítear costas cothabhála trealaimh, acmhainní riachtanacha chun trealamh a úsáid, riachtanais trealaimh atá ag forbairt go tapa sa réimse seo agus rioscaí dímheasa agus iomarcaíochta gaolmhara.<br><br>Aithnítear, faightear raon feidhme agus ríomhtar costas na gconairí chun rochtain ar threalamh riachtanach a chinntiú. | R4 2023 ar aghaidh |

| | Gníomh Beartais | Torthaí Inmhianaithe | Bunspriocanna Inghnóthaithe/PTFanna | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 4.3 | Aithnítear measúnú ar **chomhpháirtithe atá ann cheana agus cinn ionchasacha** chun tacú le soláthar trealaimh ealaíonta dhigitigh in Éirinn. | Cuireann an Chomhairle Ealaíon le gréasáin atá ann cheana chun a chinntiú go rochtain ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon ar an teicneolaíocht is déanaí chun triail a bhaint as rudaí nua agus chun a gcleachtas ealaíon digiteach a fhorbairt. | Cuirtear liosta le chéile maidir le comhpháirtithe ionchasacha chun rochtain a thabhairt ar threalamh caipitil; lena n-airítear an seans a bheith ag obair le gréasán ionad ealaíon agus eagraíochtaí acmhainne atá ann cheana.<br>Déantar measúnú chun na comhpháirtithe ionchasacha a aithint.<br>Más ábhartha, cuirtear togra ar aghaidh chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun infheistíocht chaipitil a mholadh ar son ár gcomhpháirtithe beartaithe. | R1 2024 |
| 4.4 | Cuirtear Tuairisc Mheasúnaithe Straitéiseach (SAR) i gcrích maidir le **mol ealaíon digiteach** féideartha agus cinntear má tá mol/gorlann dhigiteach le haghaidh na n-ealaíon indéanta agus/nó oiriúnach. | Tá tuiscint láidir ag an gComhairle Ealaíon ar raon feidhme, ar bhuntáistí agus ar chostais moil ealaíon digiteach féideartha.<br>Smaoiníodh go mion ar féidearthacht moil dhigitigh agus rinneadh cinneadh maidir lena oiriúnacht. | Áirítear le SAR anailís ar éileamh + cás gnó lena n-áirítear Anailís Costais is Tairbhe (leanann gach ceann acu an cód caiteachais phoiblí).<br>Téitear i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara uile.<br>Déantar cinneadh dul ar aghaidh le forbairt moil ealaíon digiteach in Éirinn, nó gan dul ar aghaidh léi. | R1 2025 |

Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn Bheartas na nEalaíon Digiteach, agus go háirithe, ar a chéad Phlean Gníomhaíochta ag cruinnithe boird na Comhairle Ealaíon.

**An Chomhairle Ealaíon**
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, Éireann

**artscouncil.ie**
facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie
@artscouncilireland
linkedin.com/company/the-arts-council-ireland

T +353 1 618 0200
F +353 1 676 1302
Lóghlao 1850 392 492
reception@artscouncil.ie

the arts council
an chomhairle ealaíon